An Coimisinéir Teanga

# Acht na dTeangacha Oifigiúla(Leasú), 2021

## Alt 10A. Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí

Márta 2026

# Réamhrá 7 Comhthéacs

- Treisíonn Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, a achtaíodh i mí na Nollag 2021, Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tá sraith forálacha nua ann atá dírithe ar chearta teanga phobal na Gaeilge a neartú.

- I measc fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, leagtar dualgas reachtúil nua ar chomhlachtaí poiblí maidir le fógraíocht, cumarsáid ghinearálta agus cumarsáid tráchtála lena ndéantar teagmháil leis an bpobal.

# Réamhrá 7 Comhthéacs

- Alt 10A. Leagann (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) den Acht dualgais ar chomhlachtaí poiblí i ndáil leis an mbealach a ndéanann siad cumarsáid i dteangacha oifigiúla an Stáit.

- Is meán cumarsáide an-tábhachtach í an earnáil fógraíochta, agus dá réir sin meastar go mbeidh tábhacht nach beag ag baint leis an bhforáil nua seo.

- Tháinig na forálacha in alt 10A. a shainítear mar seo a leanas i bhfeidhm[an] 10 Deireadh Fómhair 2022.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 Alt 10A.

**Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí**

1) Cinnteoidh comhlacht poiblí—

(a) gur i nGaeilge a bheidh 20 faoin gcéad ar a laghad d'aon fhógraíocht arna déanamh ag an gcomhlacht in aon bhliain, agus

(b) go ndéanfar 5 faoin gcéad ar a laghad d'aon airgead a chaithfidh an comhlacht ar fhógraíocht in aon bhliain a úsáid chun fógraíocht a chur amach i nGaeilge trí na meáin Ghaeilge

(2) San alt seo —ciallaíonn ‘fógraíocht’—

(a)cumarsáid tráchtála d’aon chineál a bhfuil d’aidhm léi, nó a bhfuil d’éifeacht léi, go díreach nó go neamhdhíreach, táirge nó seirbhís de chuid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann a chur chun cinn, agus

(b) cumarsáid d’aon chineál leis an bpobal, i leith na nithe seo a leanas—

(i) foireann a earcú,
(ii) tionscnaimh reachtaíochta nó bheartais,
(iii) talamh nó sócmhainní a cheannach nó a dhíol,
(iv) seirbhísí a sholáthar, nó
(v) comhchomhairliúchán poiblí;

# Na Meáin Ghaeilge

**ciallaíonn "meáin Ghaeilge" aon mheáin ina bhfuil 50 faoin gcéad nó níos mó d'ábhar na meán sin trí mheán na Gaeilge.**

# Fógraíocht (Alt10A.) - sainmhínithe

Ar mhaith le halt 10A a chur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh air,

tá feidhm leis na sainmhínithe seo a leanas:

- Is ionann “Fógraíocht Íoctha” agus aon fhógraíocht a n-íoctar aisti. Cuirtear le tríú páirtí amhail cainéal teilifíse, stáisiún raidió, nuachtán srl. i gcónaí í.
- Is éard atá i gceist le “Fógraíocht faoi Úinéireacht” fógraíocht a chuireann comhlachtaí poiblí ar a láithreáin ghréasáin féin agus ar a gcainéil meán sóisialta srl.

Tá fógraíocht “Íoctha” agus “Faoi Úinéireacht” araon faoi réir na forála nua seo.

# Fógraíocht ar lean

Ní mór do chomhlachtaí poiblí a chinntiú:

- gur i nGaeilge a bheidh **20** faoin gcéad ar a laghad den fhógraíocht bhliantúil go léir.
- gur i nGaeilge ar mheán Gaeilge a bheidh **5** faoin gcéad ar a laghad den chaiteachas fógraíochta bliantúil.
- Meáin Ghaeilge = **50%** nó níos mó den ábhar (inneachar) i nGaeilge.

# A gclúdaítear sna forálacha seo:

Fógraíocht a dhéanann Comhlachtaí Poiblí sna comhthéacsanna seo a leanas…

- Teilifís/Fís ar Éileamh/Pictiúrlann
- Raidió/Fuaim
- Meáin chlóite (preas)
- Faoin Aer/Lasmuigh
- Taispeáint Dhigiteach (eisceacht: comharthaí tráchta VMS)
- Fógraíocht Dhúchasach Dhigiteach/Gné-ailt Fógraíochta
- Ábhar Digiteach Íoctha
- Fógra - murab ionann agus ábhar (inneachar) - a ritear ar chainéil faoi úinéireacht, m.sh., fógra earcaíochta ar a láithreán gréasáin féin, i.e., alt 10A. 2(b )( i)

# Nithe nach dtagann faoi na forálacha seo:

## Ábhar nach fógraíocht é:

- Ábhar Digiteach a ritear ar mheáin féin amháin
- Preaseisiúintí
- Bróisiúir
- Nuachtlitreacha
- Irisí in-tí
- Blaganna
- Fógraíocht Chuardaigh Íoctha
- Ábhar athroinnte
- Postálacha agus athphostálacha (ábhair **seachas** fógráin)
- Léirmheasanna
- Lucht tionchair

# Cur Chuige Molta

- Ba chóir cothrom na féinne a thabhairt don dá theanga oifigiúla ar gach meán, cuir i gcás, cóipfhad den chineál céanna i gcas teilifíse agus raidió, méideanna comhchosúla i gcás cló agus meán sóisialta.

- Ar mhaithe le cothrom na féinne, ní mholtar “dubáil” ná fotheidealú (murab ionann agus grafaicí) ar an teilifís/Fís ar Éileamh.

- Is i nGaeilge amháin a bheidh fógraí a chuirfear ar na meáin Ghaeilge.

# Cur Chuige Molta ar Lean

- ciallaíonn “meáin Ghaeilge” aon mheáin ina bhfuil 50 faoin gcéad nó níos mó d'ábhar na meán sin i nGaeilge (gan fógráin san áireamh).

- Is ar na comhlachtaí poiblí atá an fhreagracht a chinntiú go ndéantar 20% dá bhfógraíocht bhliantúil i nGaeilge.

- Is ar chomhlachtaí poiblí atá an fhreagracht a chinntiú go gcaitear 5% dá mbuiséad fógraíochta ginearálta bliantúil ar fhógraíocht Ghaeilge, ar na meáin Ghaeilge.

- Féadfar iomlán an chaiteachais uile, seachas caiteachas gach cainéil meáin, a úsáid chun críocha an iniúchta. Ní chuirfear costas táirgthe san áireamh chun críche iniúchta.

# Tomhas

- Chuaigh OCT i gcomhairle go forleathan le go leor Ranna Rialtais chomh maith le leasanna earnála, lena n-áirítear IAPI (Institiúid Cleachtóirí Fógraíochta Éireann) agus a chomhaltaí gníomhaireachta meán.
- “20% d'aon fhógraíocht arna déanamh” (10A. Ciallaíonn 1 (a) 20% den fhógraíocht “Faoi Úinéireacht” agus “Íoctha” mar a mhínítear thuas.
- I gcás comhlachtaí poiblí a dhéanann a gcuid fógraíochta trí ghníomhaireachtaí ceannaigh meán tríú páirtí, beidh feidhm leis na córais chaighdeánacha tomhais tionscail, m.sh., rátálacha teilifíse.

# Tomhas ar lean

- Ach úsáid a bhaint as na treoirlínte seo, ar shleamhnáin 13 agus 14, beidh an dualgas ar an gcomhlacht poiblí a thaispeáint gur chomhlíon sé an oibleagáid20%. Ní gá an oibleagáid 20%  a chur i bhfeidhm ar gach feachtas fógraíochta as féin. Caithfidh “20% san iomlán” a bheith ann i ndeireadh na bliana tuairiscithe.

- D'fhonn an sprioc 20% d'fheachtais a bhaint amach, d'fhéadfadh roinnt comhlachtaí treoracha uainíochta/sealaíochta cóipe randamacha 1/5 a thabhairt do na meáin i.e., treoir gur leagan Gaeilge an fhógráin a bheadh i ngach 5ú fógrán. Glacfar leis an “tsamhail uainíochta” seo mar léiriú ar chomhlíonadh.

# Méadrachtaí Tomhais (1)

| Tomhas 20% | Tomhas | Cur síos |
|---|---|---|
| **Meán** | **Sainmhíniú** | **Mionsonraí** |
| Fógraíocht i gCló/Irisí | Líon na n-ionsánna preasa (fógráin phreasa) i mbliain ar leith. | Ní mór Cothrom na Féinne a thabhairt don dá theanga, is é sin go mbeadh fógráin a dhéantar i nGaeilge ar cóimhéid leis na fógráin chuirtear i mBéarla (sleamhnán 12). Anuas air sin, níor cheart ionsánna (fógráin) preasa i nGaeilge a dhíriú go míchothrom i dtreo foilseacháin ag a bhfuil cúrsaíocht níos lú |
| Fógraíocht Raidió | Líon na spotaí raidió i mbliain ar leith. | Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann idir an dá theanga, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar comhfhad leis na fógráin i mBéarla (sleamhnán 12). Anuas air sin, níor cheart spotaí i nGaeilge a chur go míchothrom i dtreo stáisiúin ag a bhfuil líon lucht éisteachta níos lú ná i rith thráthanna an lae lena mbaineann líon lucht éisteachta níos lú |

# Méadrachtaí Tomhais (2)

| Tomhas 20% | Tomhas | Cur síos |
|---|---|---|
| **Meán** | **Sainmhíniú** | **Mionsonraí** |
| Fógraíocht Fuaime | Líon na n-imprisean i mbliain ar leith. | Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann idir an dá theanga, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar comhfhad leis na fógráin i mBéarla (sleamhnán 12). Anuas air sin, níor cheart spotaí i nGaeilge a chur go míchothrom i dtreo ardáin ag a bhfuil líon lucht éisteachta níos lú |
| OOH - Fógraíocht As Baile/Lasmuigh (faoin Aer) | Líon iomlán na láithreán i mbliain ar leith. Maidir le formáidí digiteacha, athraigh go coibhéisí suímh iad le do thoil. | Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar cóimhéid agus ar láithreáin ar comhchaighdeán leis na fógráin i mBéarla (sleamhnán 12). |

# Méadrachtaí Tomhais (3)

| Tomhas 20% | Tomhas | Cur síos |
|---|---|---|
| **Meán** | **Sainmhíniú** | **Mionsonraí** |
| Pictiúrlann | An tinreamh i mbliain ar leith. | Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann idir an dá theanga, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar comhfhad leis na fógráin i mBéarla (sleamhnán 12). |
| Teilifís | Líon na TVR i mbliain ar leith. | Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann idir an dá theanga, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar comhfhad leis na fógráin i mBéarla (sleamhnán 12). |
| VOD – Físeán ar Éileamh | Líon na n-imprisean i mbliain ar leith. | Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann idir an dá theanga, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar comhfhad leis na fógráin i mBéarla (sleamhnán 12). Anuas air sin, níor cheart spotaí (fógráin) i nGaeilge a chur go míchothrom i dtreo ardáin ag a bhfuil líon níos lú léitheoirí/rochtain níos lú |

# Méadrachtaí Tomhais (4)

| Tomhas 20% | Tomhas | Cur síos |
|---|---|---|
| **Meán** | **Sainmhíniú** | **Mionsonraí** |
| Taispeáint Dhigiteach | Líon na n-imprisean i mbliain ar leith. | Ní mór Cothrom na Féinne a thabhairt don dá theanga, is é sin go mbeadh fógráin a dhéantar i nGaeilge ar cóimhéid leis na fógráin chuirtear i mBéarla (sleamhnán 12). Anuas air sin, níor cheart spotaí (fógráin) i nGaeilge a chur go míchothrom i dtreo ardáin ag a bhfuil líon níos lú léitheoirí/rochtain níos lú |
| Na Meáin Shóisialta | Líon na n-imprisean i mbliain ar leith. | Ní mór Cothrom na Féinne a bheith ann idir an dá theanga, is é sin ba chóir go mbeadh fógráin i nGaeilge ar comhfhad leis na fógráin i mBéarla (sleamhnán 12). Anuas air sin, níor cheart spotaí (fógráin) i nGaeilge a chur go míchothrom i dtreo ardáin ag a bhfuil líon níos lú léitheoirí/rochtain níos lú |

# Méadrachtaí Tomhais (5)
# 5% caiteachais ar na Meáin Ghaeilge

| Cainéal Meáin | Caiteachas Bliantúil Iomlán | Caiteachas ar Na Meáin Ghaeilge |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| Iomlán | (100%) | (5%) |

# Tuairisciú an Chomhlachta Phoiblí

- Iarrfar ar chomhlachtaí poiblí tuairisceán leictreonach comhlíonta a chur isteach maidir leis an gceanglas seo tráth nach déanaí ná Márta i mbliain ar leith maidir le fógraíocht na bliana roimhe sin.
- Cuimseoidh comhlíonadh taifead ar chur chun feidhme cruthaitheacha i nGaeilge.

# Na Meáin Ghaeilge

| Meáin | Soláthróir(í) |
| --- | --- |
| Seirbhísí Teilifíse: | TG4 |
| Seirbhísí Raidió: | RTÉ Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life, Raidió Rí Rá |
| Preas | Comhar; Seachtain; An Timire; An Páipéar; ExtraG Gach Seachtain; Scéal |
| Lasmuigh | OOH Gaeilge |
| Fís Ar Éileamh | TG4 i.e. Bloc.ie & Molscéal.ie. Meoneile.ie; Tuairisc.ie, i.e. “Ar Fhaitíos Gur Chaill Tú É” |
| Fuaim Ar Éileamh | Seachtain, i.e. “Podchraoladh Seachtain”; Podchraoladh “How To Gael”; Tuairisc.ie i.e “An Pod Gaeilge”, “An Pod Spórt” & “Paiste Cainte le Helen” |
| Ardáin/Léirithe Digiteacha | Tuairisc.ie; Nós.ie; Liathroidi.ie; An Páipéar; ExtraG.ie; Scéal.ie, irishtimes.com/gaeilge/scéal |
| Meáin Shóisialta | Cogar.ie |
| Pictiúrlanna | Ní ann dóibh |

# Ceisteanna Coitianta

- **1. Cén aidhm atá le halt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí)?**

Alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) - Is foráil nua de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, é a leagann dualgais bhreise ar chomhlachtaí poiblí maidir le cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal i dteangacha oifigiúla an Stáit. Leagtar amach in Alt 10A oibleagáidí sonracha maidir le fógraíocht.

- **2. Cén uair a tháinig alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) i bhfeidhm?**

Tháinig na forálacha go léir maidir le fógraíocht ag comhlachtaí poiblí arna bhforordú in alt 10A. i bhfeidhm an **10 Deireadh Fómhair 2022**. Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí a fhorordaítear faoin Acht forálacha uile alt 10A. a chomhlíonadh ón dáta sin amach.

# Ceisteanna Coitianta

- **3. Cad is brí leis an gceanglas 5% maidir le fógraíocht a dhéanann comhlachtaí poiblí ar mheán Gaeilge?**

Is i nGaeilge ar na meáin Ghaeilge a bheidh 5% d'aon airgead a chaithfidh an comhlacht poiblí ar fhógraíocht i mbliain ar leith. Beidh an tomhas bunaithe ar 5% den fhógraíocht bhliantúil an chomhlachta san iomlán, faoi na critéir a shainítear ar shleamhnán 10.

- **4. An féidir costais táirgthe a áireamh mar chuid den chaiteachas fógraíochta bliantúil chun críoch na gceanglas 20% agus 5%?**

Ní féidir, ní chuirfear costais táirgthe san áireamh chun an ceanglas 5% nó 20% a thomhas. Tagraíonn an sainmhíniú in alt 10A d'fhógraíocht a dhéantar agus, dá bhrí sin, tá costais táirgthe lasmuigh de shainmhíniú na forála.

# Ceisteanna Coitianta

- **5. Conas a dhéanfaidh Oifig an Choimisinéara Teanga comhlíonadh na gceanglas 20% agus 5% a thomhas.**

  Cuirfidh Oifig an Choimisinéara Teanga, teimpléad tuairiscithe ar fáil do chomhlachtaí poiblí a bhaileoidh príomh - mhéadrachtaí chun comhlíonadh na gceanglas 5% agus 20% i measc comhlachtaí poiblí a thomhas. Leagtar na méadrachtaí atá i gceist amach ar shleamhnáin 16 -20 den chur i láthair seo, agus tá siad ag teacht siad méadrachtaí a úsáideann comhlachtaí poiblí agus iad ag ceannach fógraíochta ar mheáin éagsúla. Cuirfear an teimpléad tuairiscithe ar fáil do chomhlachtaí poiblí.

- **6. An gá go mbeadh caiteachas fógraíochta ag 20% + 5% nó an féidir 15% + 5% a bheith i gceist, m.sh., 15% d'fhógráin i nGaeilge ar na meáin Bhéarla agus ansin 5% ar na meáin Ghaeilge?**

  Is gá, chomh fada agus a bhaineann sé leis an gcuid dheireanach den cheist. Is féidir a áireamh sa riachtanas 20% an riachtanas caiteachais 5% ar fhógraíocht i nGaeilge ar na meáin Ghaeilge.

# Ceisteanna Coitianta

**7. Cén fáth a bhfuil Gaeilge agus Béarla scartha óna chéile i gcás 'Cló' agus 'Raidió' ach nach bhfuil i gcás 'Taispeáint' ná 'Teilifís'?**

Tá tomhais chaighdeánacha an tionscail (TVR) ann atá inghlactha le haghaidh fógraíochta ar stáisiúin teilifíse Ghaeilge agus Bhéarla araon. Is é an cás céanna é maidir le Taispeáint, tá an tomhas caighdeánach tionscail (imprisean) inghlactha i gcás gach ardáin.

Mar sin féin, maidir le Cló agus Raidió i margadh na hÉireann níl méadrachtaí caighdeánacha ar fáil toisc nach bhfuil figiúirí deimhnithe cúrsaíochta ná éisteachta ag go leor úinéirí meán i.e. ní mór an t-ualú caiteachais a thabhairt isteach chun an easpa méadrachta tomhais inghlactha a chúiteamh.

# Ceisteanna Coitianta

**8. Cuimsíonn comhlacht corparáideach roinnt scoileanna agus ionad, m.sh., an gcuireann gach scoil a sonraí féin isteach?**

Ní mór do chomhlacht poiblí a fhorordaítear faoin Acht fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh na gceanglas 20% & 5% don chomhlacht poiblí ina iomláine, seachas ag leibhéal an fho-aonáin, m.sh., Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) atá freagrach as tuairisciú dá gcuid ballscoileanna go léir.

**9. Meáin nach meáin Ghaeilge iad. Má chuirtear fógra i nGaeilge ar ardán nach meán Gaeilge é, an mbeidh sé san áireamh fós i dtreo sprioc 20% an Chomhlachta Phoiblí?**

Beidh.

# Ceisteanna Coitianta

- **10. An bhfuil liosta ar fáil de na Meáin Ghaeilge?**

Forordaítear an sainmhíniú seo a leanas do “na meáin Ghaeilge” in alt 10A. (2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021:

*ciallaíonn “meáin Ghaeilge” aon mheáin ina bhfuil 50 faoin gcéad nó níos mó d’ábhar na meán sin trí mheán na Gaeilge.*

Níor eisíodh aon treoirlínte reachtúla eile ar an sainmhíniú thuas, mar a fhorordaítear sa reachtaíocht. Faoi Acht na Teanga Oifigiúla, 2003 (alt 21 (e)), forordaítear don Choimisinéir Teanga comhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais faoin reachtaíocht. Chuige sin, tá liosta, nach liosta críochnaitheach é, de na meáin Ghaeilge ag Oifig an Choimisinéara Teanga chun cabhrú le comhlachtaí poiblí a ndualgais a chomhlíonadh. Tá an liosta reatha, mar a chuirtear i láthair ar **shleamhnán 22** de na sleamhnáin Powerpoint faoi iamh é, faoi réir athrú leanúnach. De réir mar a chuirtear an fhoráil seo i bhfeidhm, d'fhéadfaí meáin Ghaeilge eile a chur leis, idir mheáin nua, áitiúla, agus réigiúnacha.

# Ceisteanna Coitianta

- **11. Cén t-ábhar cruthaitheach a theastaíonn uainn a choinneáil le haghaidh iniúchta – i.e. gearrthóga teilifíse, méideanna difriúla preasa, etc?**

I gcás gach feachtais, beidh ort samhail eiseamláireach “hero asset” amháin a choinneáil in aghaidh an mheáin – i.e. máistirfhógrán teilifíse, raidió, preasa agus digiteach. Beidh ort na samhlacha seo a choinneáil go dtí mí Meithimh na bliana i ndiaidh bhliain an fheachtais.

# Ceisteanna Coitianta

- **12. Cad a tharlaíonn má theipeann ar chomhlacht poiblí an fhoráil seo a chomhlíonadh?**

Leanfar na nósanna imeachta seo a leanas sa reachtaíocht phríomhúil chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt ar aon neamh-chomhlíonadh i measc comhlachtaí poiblí.

• imscrúdú a dhéanamh ar ghearán ó bhall an phobail nó/agus monatóireacht Oifig an Choimisinéara Teanga ar chomhlíonadh

• is féidir imscrúdú reachtúil a thionscnamh, más gá

• déantar fionnachtrana/moltaí sa tuarascáil imscrúdaithe reachtúil

• má leanann neamhchomhlíonadh ar aghaidh, is féidir leis an gCoimisinéir Teanga tuarascáil ina sonraítear an cás neamh-chomhlíontachta seo ag an gcomhlacht poiblí a leagan os comhair Thithe an Oireachtais.

# Ceisteanna Coitianta

- **13. Cé a chinn na ceanglais 5% agus 20% in alt 10A.?**

  Chinn Tithe an Oireachtais gur chóir na forálacha seo a áireamh in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Dá réir sin, shínigh an tUachtarán Micheál D Ó hUigínn Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2019 ina dhlí an 22 Nollaig 2021.

- **14. An féidir leis an 20% a bheith ina meascán d'fhógraíocht "Íoctha" agus "Faoi Úinéireacht "?**

  Is féidir, ar an gcoinníoll gur féidir leis an gcomhlacht poiblí na sonraí ar an gcéatadán (%) nó imprisin a shroichtear ar a meáin faoi úinéireacht a thaispeáint.

# Ceisteanna Coitianta

- **15. An bhfuil meáin "íoctha" agus "faoi úinéireacht" faoi réir an cheanglais 20%?**

  Tá, idir fhógraí "íoctha" a dhéantar le tríú páirtí agus fógraí a dhéantar ar na meáin "faoi úinéireacht ", féach sleamhnán 8.

- **16. Cén fáth nach luaitear Postas Díreach sna nótaí comhairleacha?**

  Tá reachtaíocht ann cheana (roimh 10A) a bhaineann le Postas Díreach – Alt 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

- **17. An meastar postálacha a gcuirtear dlús fúthu (boosted) ar na meáin shóisialta ina bhfógraíocht 'íoctha '?**

  MeastarD'fhéadfadh go mbeadh ábhar (inneachar) agat nach dtagann faoin bhforáil a roghnaíonn tú dlús a chur faoi ach spás a cheannach ar na meáin shóisialta. Nuair a íocann tú, athraítear ó ábhar (inneachar) go fógraíocht é, i.e., tagann an chuid íoctha faoin bhforáil.

# Ceisteanna Coitianta

- **18. An dtagann ábhar físe faisnéise a tháirgtear do chomhlachtaí poiblí nó a ghineann siad agus atá neadaithe ar na meáin faoi úinéireacht (láithreán gréasáin nó ardán twitter) faoi alt 10A.?**

Ní thagann, mura bhfuil fógrán san áireamh. Mar sin féin, tá físeáin bholscaireachta faoi réir na bhforálacha – 10A(2 )( a)

- **19. An féidir fógraíocht i nGaeilge a chraoladh ar mheáin/ardáin Bhéarla chun an ceanglas 20% a chomhlíonadh?**

Is féidir.

# Ceisteanna Coitianta

- **20. An mbaineann an ceanglas 20% le fógraíocht iomlán na heagraíochta nó le 20% de gach fógrán?**

  Baineann an riachtanas 20% le haschur fógraíochta comhlachta phoiblí san iomlán i mbliain ar leith.

  Níl ghlactar le cuid d'fhógrán ar leith a bheith i nGaeilge, m.sh., 20% i nGaeilge, agus an 80% eile i mBéarla.

  Ba chóir cothrom na féinne a thabhairt don dá theanga oifigiúla, m.sh., cóipfhad den chineál céanna i gcas teilifíse agus raidió, méideanna comhchosúla i gcás cló agus meán sóisialta. Cibé an i mBéarla nó i nGaeilge atá fógrán, ba chóir go mbeadh an teanga a úsáidtear ar ardchaighdeán.

# Ceisteanna Coitianta

- **21. An bhfuil feachtais fógraíochta faoin aer a ritear thar ceann comhlachtaí poiblí ag teacht faoi alt 10A.?**

  Tá.

- **22. An féidir fógraí i nGaeilge a chraoladh i ndiaidh a chéile le fógraí i mBéarla ar mheáin/ardáin Bhéarla chun an ceanglas 20% a chomhlíonadh?**

  Is féidir.

- **23. An gceadófar do chomhlachtaí poiblí faoi alt 10A. meáin áitiúla nó réigiúnacha a úsáid chun an ceanglas 20% a chomhlíonadh más amhlaidh nach n-úsáideann an comhlacht sin teilifís nó Raidió náisiúnta le haghaidh fógraíochta?**

  Ceadófar.

# Ceisteanna Coitianta

- **24. An dtagann fógraí soláthair phoiblí/OGP faoi raon feidhme alt 10A?**

  Tagann, nuair is fógrán atá san fhógra.

- **25. An meastar soláthar poiblí ar e-tenders ina bhfógraíocht, go is é sin mionchomórtais faoi chreataí nach bhfuil ar oscailt don phobal?**

  Ní mheastar.

- **26. An dtagann fógraí poiblí (a dhéantar i bhfógráin), m.sh., fógraí pleanála, fógraí tráchta bóthair faoi raon feidhme alt 10A?**

  Tagann. Tagann fógraí pleanála agus fógraí tráchta bóthair a eisíonn comhlacht poiblí faoi raon feidhme fho-alt 10A.2(b):

  *(b) cumarsáid d'aon chineál leis an bpobal, i leith na nithe seo a leanas—*

  *(i) foireann a earcú,*
  *(ii) tionscnaimh reachtaíochta nó bheartais,*
  *(iii) talamh nó sócmhainní a cheannach nó a dhíol,*
  *(iv) seirbhísí a sholáthar, nó*
  *(v) comhchomhairliúchán poiblí;*

# Ceisteanna Coitianta

- **27. An gcomhlíonann fógraíocht dhátheangach dualgas 20% d'eagraíochtaí?**

Comhlíonann, ach tá an foláireamh seo a leanas tábhachtach. Glactar le dhá bhloc ar leith téacs, ceann i nGaeilge agus ceann i mBéarla, agus an t-eolas céanna á chur in iúl in aon fhógra amháin. Níl ghlactar, áfach, le cuid d'fhógrán a bheith i nGaeilge, m.sh., 20% i nGaeilge, agus an 80% eile i mBéarla, ná a mhalairt.

Ba chóir cothrom na féinne a thabhairt don dá theanga oifigiúla, m.sh., cóipfhad den chineál céanna i gcas teilifíse agus raidió, méideanna comhchosúla i gcás cló agus meán sóisialta. Cibé an i mBéarla nó i nGaeilge atá fógrán, ba chóir go mbeadh an teanga a úsáidtear ar ardchaighdeán.

- **28. An féidir 50% den chaiteachas ar fhógrán mar seo a chomhaireamh i dtreo an cheanglais 20%?**

Ní féidir. Mar a shonraítear thuas i gCeist Choitianta uimh.27, ní ghlactar le cuid amháin d'fhógrán a bheith i nGaeilge, agus cuid eile den fhógrán céanna a bheith i mBéarla agus ní féidir é a

# Ceisteanna Coitianta

- **29. An dtagann fógairt seirbhíse poiblí faoi na forálacha seo?**

  Ní thagann má tá sé ar mheáin faoi úinéireacht agus go gcloíonn sé leis an tuiscint ar fhógairt seirbhíse poiblí: "Fógairt am-shonrach a chruthaíonn feasacht faoi cheist a bhaineann le leas an phobail i gcoitinne ." i.e. dúnadh bóithre, dúnadh páirceanna, cliseadh traenach, tráchta ar mhalairt slí. Má ritear an fhógairt ar na meáin íoctha, tagann an chuid sin den ghníomhaíocht faoin bhforáil.

- **30. An gá go mbeadh iris a fhoilsíonn comhlacht poiblí an méid céanna téacs a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla?**

  Ní gá, chomh fada agus a bhaineann le halt 10A. Mar sin féin, ní mór d'aon fhógraíocht san iris cloí leis an gceanglas 20%. Má dháileann comhlacht poiblí iris ar an bpobal i gcoitinne nó ar aicme den phobal i gcoitinne, m.sh., le cor poist, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh sé sin faoi alt 9(3) den Acht reatha.

# Ceisteanna Coitianta

- **31. An gclúdaíonn an t-acht cumarsáid mhargaíochta amhail teachtaireachtaí ríomhphoist faisnéise/bolscaireachta, gné-ailt fógraíochta, fógairtí faoi sheirbhís nó tháirge nua?**

  Féach ar shleamhnáin 10 & 11.

- **32. An bhfuil aon chomhthéacs ann ina dtagann caiteachas fógraíochta idirnáisiúnta faoi raon alt 10A?**

  A luaithe is a fhorordaítear comhlacht poiblí faoi na hAchtanna Teanga Oifigiúla, ní mór dó déanamh de réir na forála. Ní dhéantar idirdhealú in Alt 10A idir caiteachas go náisiúnta agus caiteachas go hidirnáisiúnta.

# Ceisteanna Coitianta

- **33. Cé na himpleachtaí a bhaineann le conarthaí níos faide nó ilbhliantúla atá i bhfeidhm cheana féin ag comhlachtaí poiblí le gníomhaireachtaí ceannaigh meán, áit a mbeadh sé dodhéanta na ceanglais 20% nó 5% a chomhlíonadh?**

  Ceanglaítear go gcomhlíonfadh comhlachtaí poiblí na forálacha nua in alt 10A. agus go ndéanfar gach iarracht chun a dhéanta sin a dhoiciméadú. Mar a dúradh roimhe seo, níl na feidhmeanna ná na cumhachtaí ag an gCoimisinéir Teanga maolú a thairiscint d'aon chomhlacht poiblí ar aon dualgas reachtúil sa reachtaíocht seo.

# Ceisteanna Coitianta

- **34. Má dhéantar fógráin earcaíochta i nGaeilge, an gciallaíonn sé sin go gcaithfidh comhlachtaí poiblí an próiseas iarratais earcaíochta a láimheáil i nGaeilge, cás-staidéir a reáchtáil i nGaeilge, agus na hagallaimh a dhéanamh i nGaeilge?**

Ní chiallaíonn, murar thug an comhlacht poiblí gealltanas ina scéim teanga go reáchtálfadh sé a chuid gníomhaíochtaí earcaíochta i nGaeilge.

Daingníonn an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta scéimeanna teanga. Tiocfaidh caighdeáin teanga in áit scéimeanna teanga mar a fhorordaítear le hailt 19A – 19D d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Nuair a chuirfear i bhfeidhm na caighdeáin teanga, áfach, d'fhéadfadh sé go leagfaí dualgas ar chomhlachtaí poiblí, nó ar chatagóirí comhlachtaí poiblí, tabhairt faoi roinnt feachtas earcaíochta i nGaeilge.

# Ceisteanna Coitianta

- **35. An gcaitear cáipéisíocht tacaíochta a bhaineann le fógráin ach nach cuid den fhógrán a fheiceann an pobal í a aistriú freisin?**

Ní chaitear. Mar sin féin, d'fhéadfadh roinnt eisceachtaí a theacht chun cinn, mar a léirítear i gCeist Choitianta 34. Mar shampla, dá dtabharfadh comhlacht poiblí gealltanas ina scéim teanga go reáchtálfadh sé roinnt dá fheachtais earcaíochta i nGaeilge. Sa chás seo, d'fhéadfadh go mbeadh fáil ag iarrthóirí ar cháipéisíocht tacaíochta nach mbeadh le feiceáil i bhfógraí ach a thiocfadh mar sin féin faoi scóip an ghealltanais sa scéim teanga a dhaingnigh an tAire leis an gcomhlacht poiblí. Tiocfaidh caighdeáin teanga (19A) faoin Acht nua in áit scéimeanna teanga. Leanfar de na dualgais reatha faoi alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a éilíonn ar chomhlachtaí poiblí cáipéisí áirithe a fhoilsiú go comhuaineach sna teangacha oifigiúla.

# Ceisteanna Coitianta

- **36. Táimid tar éis pacáiste urraíochta a shocrú le stáisiún teilifíse. Beidh teachtaireachtaí dearfacha faoinár dtáirge/seirbhís le feiceáil sa chlár teilifíse agus mar chuid den phacáiste beidh ceoláin (stoingí) teilifíse againn freisin. An dtuairiscímid costas iomlán na hurraíochta inár n-aighneacht?**

- Tuairiscítear ceoláin teilifíse i gcónaí toisc gur féidir iad a thomhas, idir chostais agus rátálacha. Ba chóir go mbeadh an stáisiún teilifíse in ann na figiúirí seo a ríomh duit. Má leithdháiltear cuid den phacáiste urraíochta ar mhaoiniú an chláir teilifíse meastar gur fógraíocht atá i gceist, sa chás go bhfuil smacht iomlán eagarthóireachta ag an gcomhlacht poiblí ar an gclár i.e. caitear leis mar a chaitear le gné-alt preasa.

# Ceisteanna Coitianta

- **37. Má dhéanann comhlacht poiblí urraíocht ar fhógrán, m.sh., póstaer do thríú páirtí, an dtagann sé faoi alt 10A?**

  Tagann, meastar gur fógrán é póstaer agus, sa chás seo is cuid de chaiteachas an chomhlachta phoiblí é.

- **38. Cén t-idirdhealú atá idir fógrán agus postálacha ábhair (ar na meáin shóisialta go sonrach)? Mar shampla, liosta imeachtaí do dhánlann ealaíne?**

  Clúdaíonn Sleamhnán 10 an méid a thagann faoi fhógraíocht agus clúdaíonn sleamhnán 11 an méid a thagann faoi ábhar (rud nach meastar ina fhógraíocht).

# Ceisteanna Coitianta

- **39. Cad is ábhar digiteach a ritear ar mheáin an chomhlachta phoiblí féin ann?**

  Mar shampla, ní mheastar gur fógraíocht é an t-ábhar ar shuíomh gréasáin comhlachta phoiblí, nuachtlitir, nó ardán na meán sóisialta nach cuid d'fhógrán é.

- **40. Ó thaobh ábhar sóisialta de, nuair a phostáiltear go horgánach ar chainéil faoi úinéireacht é agus nach bhfuil CTA íoctha (cnaipe etc.) ná caiteachas ag baint leis, ach go bhfuil CTA scríofa (cnaipí Glaoch chun Gnímh) laistigh den phostáil nó den inneachar cruthaitheach - an measfar é seo a bheith inghlactha (teacht faoin gceanglas 20%)?**

  Ní mheastar gur fógraíocht é an t-ábhar ar shuíomh gréasáin comhlachta phoiblí, nuachtlitir, nó ardán na meán sóisialta nach cuid d'fhógrán é. Mar a shonraítear ar shleamhnán 11, ní thagann postálacha agus athphostálacha ábhar (inneachair), seachas fógráin, faoi scóip na forála. Má thugann an cnaipe “glaoch chun gnímh ” an t-úsáideoir chuig fógrán, áfach, thiocfadh sé faoi raon feidhme alt 10A.

# Ceisteanna Coitianta

- **41. An bhfuil físeáin díolmhaithe ón riachtanas " cumarsáid d'aon chineál leis an bpobal" in 10A 2(b)?**

  Bheadh sé ag brath ar cibé an meastar go bhfuil na físeáin atá i gceist ina bhfógraíocht seachas ina n-ábhar, mar a thuairiscítear ar shleamhnáin 10 & 11. Féachtar freisin ar Cheist Coitianta 18.

- **42. An gclúdaíonn alt 10A IVRanna (Taifeadtaí Idirghníomhacha Gutha) i nGaeilge?**

  Ní chlúdaíonn, ní mheastar gur cumarsáid fógraíochta iad Taifeadtaí Idirghníomhacha Gutha.

# Ceisteanna Coitianta

- **43. An gcuirfear buiséad breise ar fáil do chomhlachtaí poiblí le haghaidh na gcostas aistriúcháin a eascróidh ó chur i bhfeidhm alt 10A.?**

  Ní chuirfear. Ní thagann an t-ábhar seo faoi scóip na reachtaíochta seo.

# Ceisteanna Coitianta

- **44. Ní chuimsíonn an dlínse a bhfuil ár gcomhlacht poiblí freagrach aisti réigiún Gaeltachta. An bhfuil dualgas ar ár gcomhlacht poiblí cloí leis na spriocanna 5% agus 20%?**

  Tá, tá dualgas ar gach comhlacht poiblí cloí leis na forálacha a fhorordaítear le halt 10A.

- **45. Cad a tharlaíonn má úsáidimid fuaimrian liricí Béarla ar ár bhfógráin Teilifíse/Raidió?**

Mura bhfuil tábhacht leis na liricí, is é sin mura dteastaíonn siad chun an teachtaireacht a thabhairt (an scéal a insint) is féidir iad a úsáid. Más dlúthchuid den scéal iad na liricí, ní féidir iad a úsáid. Mar gheall go ndéantar infheistíocht mhór i léiriúcháin teilifíse tá OCT sásta aon script a réamhcheadú sa chás nach bhfuil an cliant cinnte faoi.

# Ceisteanna Coitianta

- **46. An ábhar (inneachar) nó fógraíocht é cumarsáid branda ar do shócmhainní cuideachta faoi úinéireacht (veaineanna cuideachta, foirgnimh, éide)?**

  I bhformhór mór na gcásanna, meastar gur ábhar é agus caitear leis faoi mar a chaithfí le hábhar ar do láithreán gréasáin. Más rud é, i ngnáthchúrsa gnó, áfach, go bhfuil d'eagraíocht in ann an spás sin a "dhíol" le tríú páirtí meastar gur fógraíocht é, m.sh., comhlachtaí bus agus iarnróid a dhíolann spás fógraíochta ar a bhfeithiclí/a dtraenacha.

- **47. Cén fheidhm atá ag an gCoimisinéir Teanga maidir le comhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí faoi Alt 10A.**

  Forordaítear é le hAlt 21 (e) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 gur feidhm de chuid an Choimisinéara Teanga é:

  *comhairle nó cúnamh eile a sholáthar, de réir mar is cuí leis nó léi, do chomhlachtaí poiblí maidir lena n-oibleagáidí faoin Acht seo;*

# Ceisteanna Coitianta

- **48. Cad iad na feidhmeanna atá ag an gCoimisinéir Teanga maidir le comhlíonadh Alt 10A a chinntiú i measc comhlachtaí poiblí.?**

Forordaítear le hAlt 21 (a), (b) & (c) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 na feidhmeanna seo a leanas de chuid An Coimisnéara Teanga:

s.21 (a )- ‘*faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta seo ag comhlachtaí poiblí* '-

s.21 (b )-' *gach beart riachtanach atá faoi réim a údaráis nó a húdaráis a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh comhlachtaí poiblí forálacha an Achta seo’*

# Ceisteanna Coitianta

**Ceist Choitianta 48. ar lean**

s.21 (c )- ‘*imscrúdú a dhéanamh, cibé acu ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, ar iarraidh ón Aire nó de bhun gearán a bheidh déanta leis nó léi ag aon duine, chun a fháil amach an amhlaidh nach raibh nó nach bhfuil aon fhoráil d'aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid teanga oifigiúla á comhlíonadh .'*

forordaítear le halt 26 (5):

- *(5) Más rud é, laistigh de thréimhse ama réasúnach tar éis tuarascáil a bhfuil moltaí inti a chur faoi bhráid comhlachta phoiblí faoi fho-alt (2), nach mbeidh, i dtuairim an Choimisinéara, aon chuid de na moltaí atá sa tuarascáil curtha i ngníomh ag an gcomhlacht sin, féadfaidh an Coimisinéir, tar éis aon fhreagraí a bhreithniú a bheidh tugtha ag an gcomhlacht poiblí dó nó di i leith na moltaí sin, tuarascáil a thabhairt do gach Teach den Oireachtas maidir leis an gcéanna.*

# Ceisteanna Coitianta

- **49. Déanaimid fógraíocht le haghaidh go leor imeachtaí "aon uaire" i rith na bliana, an gcaitear gach fógrán a thuairisciú ina fheachtas fógraíochta ar leithligh?**

Is féidir leat fógraí "aon uaire" a cnuasú faoi théarmaí amhail "Fógráin ilghnéitheacha nó " Fógraíocht imeachta".

- 50. **Maidir le feachtais dhigiteacha, an gá dom tuairiscí a léiríonn rannpháirtíocht agus scroicheadh a chur ar fáil?**Níl suim **againn ach in "imprisin", is é sin líon na n - uaireanta a thaispeáintear an fógrán. Cé go bhféadfá cuntas a choinneáil ar rannpháirtíocht agus ar shroicheadh, ní cuid de do thuairisceán chuig OCT iad.**

An Coimisinéir Teanga

An Spidéal, Co. na Gaillimhe, H91VK23 H91VK23

eolas@coimisineir.ie